C/2026/69

30.1.2026

Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2024/2865 a mhéid a bhaineann le dátaí cur i bhfeidhm agus forálacha idirthréimhseacha

agus

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1272/2008, (CE) Uimh. 1223/2009 agus (AE) 2019/1009 a mhéid a bhaineann le ceanglais agus nósanna imeachta áirithe le haghaidh táirgí ceimiceacha a shimpliú

COM(2025) 526 final — 2025/526(COD)

COM(2025) 531 final — 2025/531(COD)

(C/2026/69)

Rapóirtéir ginearálta: **John COMER**

Comhairleoir	Frank ALLEN
Nós imeachta reachtach	EU Law Tracker
Comhairliúchán	Parlaimint na hEorpa, 8.9.2025 Comhairle an Aontais Eorpaigh, 15.9.2025
Bunús dlí	Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh
Doiciméid an Choimisiúin Eorpaigh	COM(2025) 526 final, COM(2025) 531 final
Na spriocanna forbartha inbhuanaithe (SFInna) lena mbaineann	SFI 9 — Tionsclaíocht, nuálaíocht agus bonneagar SFI 3 — Sláinte mhaith agus dea-bhail SFI 12 — Patrún freagrachta tomhaltais agus táirgeachta SFI 15 — Beathra ar Talamh
An rannóg atá freagrach	Talmhaíocht, Forbairt Tuaithe agus an Comhshaol
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	23.10.2025
Seisiún iomlánach Uimh.	600
Toradh na vótála (ar son/in aghaidh/staonadh)	224/1/11

1. MOLTAÍ

Seo seasamh Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE)

1.1. Is díol sásaimh do CESE an séú pacáiste omnibus um shimpliú, lena dtugtar isteach athruithe atá dírithe go sonrach ar rialacháin AE maidir le táirgí ceimiceacha, cosmaideacha agus leasacháin chun na hualaí a bhaineann le comhlíonadh fhorálacha na rialachán sin a laghdú, chun cur leis an tsoiléireacht agus chun tacú leis an nuálaíocht gan an tsábháilteacht a chur i mbaol. Glacann CESE le héirim ghinearálta na dtograí ón gCoimisiún agus is díol sásaimh dó an aidhm atá acu ardleibhéal cosanta a áirithiú do shláinte an duine agus don chomhshaol; agus an méid sin á bhaint amach, molann sé go gcuirfí cur chuige na hAon Sláinte Amháin ([1]) san áireamh ina iomláine.

([1]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — *Pláinéad folláin ar a bhfuil daoine folláine: i dtreo cur chuige cuimsitheach i ndáil le 'Aon Sláinte Amháin'* (tuairim féintionscnaimh) (IO C, C/2026/16, 16.1.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2026/16/oj).

1.2. Cuireann CESE i bhfios go láidir go bhfuil sé tábhachtach go mbeadh tomhaltóir in ann teagmháil a dhéanamh go tapa le soláthróir i gcás ina mbeadh gá teagmháil a dhéanamh ar an toirt. Is teagmháil ar an nguthán an modh teagmhála is fearr chun é sin a dhéanamh ar modh cumarsáide é a éascaíonn faisnéis a mhalartú de réir mar is gá. Ní i gcónaí a éiríonn le modhanna teagmhála digiteacha an fhaisnéis a thabhairt ar bhealach atá oiriúnach.

1.3. Tugann CESE dá aire gur féidir le suíomhanna gréasáin áirithe a bheith sách casta agus go mbíonn sé deacair nascleanúint a dhéanamh orthu. Ní mór do sholáthróirí rochtain éasca a chur ar fáil don úsáideoir agus modh teagmhála digiteach soláimhsithe a sholáthar.

1.4. Cuireann CESE i bhfios go láidir go bhfuil sé den tuairim i gcás lipéid a bheith á dtabhairt cothrom le dáta ar an mbonn 'gan moill mhíchuí' nuair is gá athrú a dhéanamh ar aicmiú nó lipéadú substainte nó meascáin — rud as a dtiocfadh aicme ghuaise nua nó aicmiú níos déine trína gcaithfí faisnéis fhorlíontach nua a chur ar an lipéad — go bhfuil an bonn sin i bhfad ródhoiléir agus nach bhfuil sé sásúil ó thaobh na sláinte poiblí ná an chomhshaoil de. Is gá tréimhse shonrach a leagan síos maidir le lipéid a thabhairt cothrom le dáta. Ní raibh an tréimhse sé mhí a bhíodh ann fada go leor agus bheadh gá le tréimhse shonrach 12 mhí chun an lipéad a thabhairt cothrom le dáta. Dá mba ghá síneadh a chur leis an tréimhse shonrach, ba ghá fianaise iomchuí a chur ar fáil don Choimisiún chun údar a thabhairt leis an síneadh.

1.5. Meabhraíonn CESE go bhfuil lipéadú ar ardchaighdeán ina chuid thábhachtach den chaoi a gcosnaítear an tsláinte phoiblí agus an comhshaol. Is gá rialacha áirithe a leagan síos chun a áirithiú go mbeidh na lipéid soléite agus go gcomhlíonfaidh siad an aidhm atá leo. Ba cheart iad a phriontáil agus dath dearg nó dubh ar an téacs agus é ar chúlra bán, rud a chinnteoidh go mbeidh siad soléite. In imthosca eisceachtúla, d'fhéadfadh sé gur ghá sin a athrú beagán ach is é an ceanglas bunúsach ba cheart a bheith ann go mbeidís soléite agus soiléir agus spás iomchuí a bheith idir na focail.

1.6. Tá CESE den tuairim gur cheart maolú a cheadú le haghaidh substaintí carcanaigineacha agus só-ghineacha agus substaintí atá tocsaineach don atáirgeadh (CMR) nuair atá tagairt do bhealaí nochta béil nó ionanálaithe tugtha ar na ráitis ghuaise ina leith, ach amháin i gcás inar féidir a léiriú go bhfuil leanaí agus grúpaí leochaileacha eile i mbaol ar leith.

1.7. Meabhraíonn CESE nár cheart gnéithe eacnamaíocha a chur san áireamh ach amháin i gcás ina bhfuil costais eacnamaíocha iomarcacha i bhfeidhm nó i gcás ina bhfuil an táirge malartach go hiomlán neamh-inmharthana go heacnamaíoch agus cinneadh á dhéanamh maidir lena mbeadh substaint áirithe ina substaint mhalartach oiriúnach a d'fhéadfaí a chur in ionad substaint CMR i dtáirge cosmaideach. Ba cheart, go háirithe, tacaíocht a thabhairt d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) chun infheistíocht a dhéanamh i dtáirgí malartacha. Tá an tsláinte phoiblí róthábhachtach chun an iomarca béime a chur ar chúinsí eacnamaíocha mar thoisc chun cinneadh a dhéanamh i dtaobh substaintí malartacha oiriúnacha a chur in ionad substaintí CMR sna táirgí sin.

1.8. Cuireann CESE i bhfáth gur gá don Choiste Eolaíoch um Shábháilteacht Tomhaltóirí (CEST) measúnú a dhéanamh gan mhoill ar shuaiteoirí inchríneacha toisc gur féidir leo cur isteach ar hormóin nádúrtha an choirp. Tá leanaí, go háirithe, i mbaol toisc go bhféadfadh suaiteoirí inchríneacha bac a chur ar chéimeanna tábhachtacha forbartha ina saol.

2. **NÓTAÍ MÍNIÚCHÁIN**

Argóintí a thacaíonn le moladh 1.2 agus moladh 1.3

2.1. Cé go bhfuil modhanna (sonraí) teagmhála digiteacha úsáideach agus éifeachtach, tá gá, mar sin féin, le teagmháil tríd an nguthán toisc gur modh cumarsáide é a bhíonn an-éifeachtach nuair a theastaíonn freagra ar an toirt ó thomhaltóir i dtaobh ceist ar leith. D'fhéadfadh sé tarlú ar an suíomh gréasáin nach dtabharfaí aghaidh fiú ar an gceist atá ag an gcustaiméir; cinntíonn comhrá ar an nguthán go malartaítear tuairimí agus faisnéis sna cásanna sin ina bhfuil gá le faisnéis agus soiléireacht ar an toirt. Lena chois sin, is féidir le lear mór suíomhanna gréasáin a bheith casta agus bíonn sé deacair nascleanúint a dhéanamh orthu. Tá sé fíor-riachtanach, i gcás modhanna teagmhála digiteacha, go bhfeiceann an custaiméir suíomh gréasáin soláimhsithe ar féidir teagmháil a dhéanamh tríd go héasca agus a chinntíonn go bhfuil rochtain éasca ag an gcustaiméir ar an bhfaisnéis uile a theastaíonn uaidh nó uaithi.

Argóintí a thacaíonn le moladh 1.4.

2.2. Tá an tagairt do nuashonrú lipéid 'gan moill mhíchuí' i gcás athrú a bheadh le déanamh ar aicmiú nó ar lipéadú substainte nó meascáin i bhfad ródhoiléir agus gan bhrí beagnach. Ní mór sprioc-am soiléir a leagan síos chun nuashonrú na lipéad a rialáil. Is cosúil gur tréimhse réasúnta í tréimhse 12 mhí, sin agus deis a bheith ann freisin síneadh a chur leis an tréimhse, ar choinníoll go bhfuil an Coimisiún sásta gur leor an fhianaise atá ann chun údar a thabhairt leis an síneadh.

Argóintí a thacaíonn le moladh 1.5.

2.3. Bíonn an tomhaltóir ag brath ar lipéadú d'ardchaighdeán chun na comhábhair atá i dtáirge a thuiscint. Ní mór na lipéid a bheith soléite agus ní mór dóibh a bheith le feiceáil go héasca ar an táirge ar a bhfuil siad. Ba cheart na lipéid a phriontáil agus dath dearg nó dubh ar an téacs agus é ar chúlra bán, rud a chinnteoidh go mbeidh siad sofheicthe agus soléite. In imthosca eisceachtúla, d'fhéadfadh sé gur ghá an togra seo a athrú beagán ach is é an ceanglas bunúsach ba cheart a bheith ann go mbeadh an lipéad soléite agus breá feiceálach, agus go mbeadh spás iomchuí idir na focail agus na línte.

Argóintí a thacaíonn le moladh 1.6.

2.4. Tá fadhbanna ag baint leis an togra ón gCoimisiún le haghaidh díolúine nua do shubstaintí CMR a bhfuil tagairt do bhealaí nochta béil nó ionanálaithe tugtha ar na ráitis ghuaise ina leith ós rud é go bhfuil an díolúine sin róleathan. Ní chuirtear san áireamh go bhféadfadh páistí beaga, atá leochaileach a fhad a bhaineann sé le substaintí CMR mar gheall ar mheáchan íseal coirp, táirgí a chuirtear orthu a shlogadh de thaisme. D'fhágfadh an togra seo go méadófaí an baol go dtarlódh éifeachtaí tromchúiseacha sláinte i leanaí agus i ngrúpaí leochaileacha eile toisc go bhféadfaí caoi a thabhairt isteach chun roinnt substaintí CMR a choinneáil i gcosmaidí agus i dtáirgí cúraim phearsanta. Ba cheart an díolúine sin a cheadú ach amháin i gcás inar féidir a léiriú go bhfuil leanaí agus grúpaí leochaileacha eile i mbaol ar leith.

Argóintí a thacaíonn le moladh 1.7.

2.5. Ar cheann de na tograí ón gCoimisiún tá go gcaithfeadh substaint a bheith inmharthana go heacnamaíoch sula bhféadfaí í a mheas mar shubstaint mhalartach oiriúnach a d'fhéadfaí a chur in ionad substaint CMR i dtáirge cosmaideach. Agus substaint mhalartach á forbairt le cur in ionad substaint CMR, níor cheart na costais eacnamaíocha a chur san áireamh ach amháin i gcás ina bhfaighfí amach gur costais iomarcacha iad, i gcás ina mbeadh muirir iomarcacha le híoc ag an tomhaltóir mar thoradh ar na costais sin nó i gcás ina mbeadh an rogha mhalartach go hiomlán neamh-inmharthana go heacnamaíoch. Ba cheart, go háirithe, tacaíocht a thabhairt d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) chun infheistíocht a dhéanamh i dtáirgí malartacha.

Argóintí a thacaíonn le moladh 1.8.

2.6. Tá táirgí cosmaideacha ar cheann de na foinsí is mó trína nochtar tomhaltóirí do shuaiteoirí inchríneacha, agus áirítear leanaí agus grúpaí leochaileacha eile sa nochtadh sin. Ar cheann de na fadhbanna atá ann tá nach mbíonn cinnteacht i gceist i gcónaí san fhianaise eolaíoch atá ar fáil maidir le suaiteoirí inchríneacha áirithe. Dá bhrí sin, ba cheart feidhm a bheith ag prionsabal an réamhchúraim a fhad a bhaineann sé leis an tsláinte phoiblí agus an comhshaol a chosaint, go háirithe i gcás leanaí agus grúpaí leochaileacha.

3. NA LEASUITHE ATÁ BEARTAITHE AR AN TOGRA REACHTACH ÓN gCOIMISIÚN EORPACH

Leasú 1

Baineann an leasú seo le moltaí 1.2, 1.3, 1.4 agus 1.5.

Airteagal 1 den togra COM(2025) 531, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1272/2008

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CESE
Airteagal 1	*Airteagal 1*
Leasuithe ar Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008	**Leasuithe ar Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008**
Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1272/2008 mar a leanas:	Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1272/2008 mar a leanas:
(1) in Airteagal 2, cuirtear an mhír seo a leanas leis:	(1) in Airteagal 2, cuirtear an mhír seo a leanas leis:
'42. ciallaíonn "sonraí teagmhála digiteacha" aon chainéal cumarsáide ar líne atá cothrom le dáta agus inrochtana trínar féidir teagmháil a dhéanamh le soláthróir nó é a fhostú gan gá le clárú ná le feidhmchlár a íoslódáil.';	'42. ciallaíonn "sonraí teagmhála digiteacha" aon chainéal cumarsáide ar líne atá cothrom le dáta agus inrochtana trínar féidir teagmháil a dhéanamh le soláthróir nó é a fhostú gan gá le clárú ná le feidhmchlár a íoslódáil';

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CESE
(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a) d'Airteagal 17(1): '(a) ainm, seoladh agus sonraí teagmhála digiteacha na soláthróirí;';	(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a) d'Airteagal 17(1): '(a) ainm, seoladh***, uimhir ghutháin*** agus sonraí teagmhála digiteacha na soláthróirí ***(ní mór don mhodh teagmhála digiteach a bheith soláimhsithe agus go mbeadh sé éasca nascadh leis)***;';
(3) in Airteagal 25(6), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ***dara*** fomhír: 'Áireofar ar an lipéad freisin an sainaitheantóir táirge dá dtagraítear in Airteagal 18 agus ainm, seoladh agus sonraí teagmhála digiteacha sholáthróir an mheascáin.';	(3) in Airteagal 25(6), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ***tríú*** fomhír: 'Áireofar ar an lipéad freisin an sainaitheantóir táirge dá dtagraítear in Airteagal 18 agus ainm, seoladh***, uimhir ghutháin*** agus sonraí teagmhála digiteacha sholáthróir an mheascáin. ***Ní mór don mhodh teagmhála digiteach a bheith soláimhsithe agus go mbeadh sé éasca nascadh leis.***';
(4) in Airteagal 29, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2: '2. Féadfar na heilimintí lipéid a leagtar amach in Airteagal 17(1) a laghdú i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach i roinn 1.5.2 d'Iarscríbhinn I.';	(4) in Airteagal 29 cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2: '2. Féadfar na heilimintí lipéid a leagtar amach in Airteagal 17(1) a laghdú i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach i roinn 1.5.2 d'Iarscríbhinn I.';
(5) in Airteagal 30, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1: '1. I gcás athrú maidir le haicmiú nó lipéadú substainte nó meascáin, arb é an toradh atá air go gcuirtear aicme nua ghuaise nó aicmiú atá níos déine ná sin leis, nó lena n-éilítear faisnéis fhorlíontach nua ar an lipéad i gcomhréir le hAirteagal 25, áiritheoidh soláthróir na substainte sin nó an mheascáin sin go ndéanfar an lipéad a nuashonrú ***gan moill mhíchuí*** tar éis don soláthróir torthaí na meastóireachta nua dá dtagraítear in Airteagal 15(4) a fháil nó an méid sin a bheith curtha in iúl don soláthróir sin.';	(5) in Airteagal 30, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1: '1. I gcás athrú maidir le haicmiú nó lipéadú substainte nó meascáin, arb é an toradh atá air go gcuirtear aicme nua ghuaise nó aicmiú atá níos déine ná sin leis, nó lena n-éilítear faisnéis fhorlíontach nua ar an lipéad i gcomhréir le hAirteagal 25, áiritheoidh soláthróir na substainte sin nó an mheascáin sin go ndéanfar an lipéad a nuashonrú ***laistigh de 12 mhí*** tar éis don soláthróir torthaí na meastóireachta nua dá dtagraítear in Airteagal 15(4) a fháil nó an méid sin a bheith curtha in iúl don soláthróir sin***. Is féidir síneadh breise 12 mhí a fháil má tá an Coimisiún sásta go bhfuil cúiseanna bailí ann chun síneadh den sórt sin a dheonú.***';
(6) in Airteagal 31, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3: '3. Beidh na heilimintí lipéid dá dtagraítear in Airteagal 17(1) marcáilte go soiléir agus go doscriosta. Seasfaidh siad amach go soiléir sa chúlra agus beidh siad de mhéid, agus déanfar iad a spásáil, sa chaoi gur furasta iad a léamh.';	(6) in Airteagal 31, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3: '3. Beidh na heilimintí lipéid dá dtagraítear in Airteagal 17(1) marcáilte go soiléir agus go doscriosta. ***Ba cheart na lipéid a phriontáil agus dath dearg nó dubh ar an téacs agus é ar chúlra bán, ach amháin má fhágann imthosca eisceachtúla gur ghá a mhalairt a dhéanamh. Ní mór spásanna iomchuí a chur idir na focail agus na línte.*** Seasfaidh siad amach go soiléir sa chúlra agus beidh siad de mhéid, agus déanfar iad a spásáil, sa chaoi gur furasta iad a léamh.';

Cúis

Is é an guthán an modh cumarsáide is tapa agus is éasca atá ann chun cumarsáid a dhéanamh ar an toirt nuair is gá sin. Is rud ró-thábhachtach é lipéid a thabhairt cothrom le dáta go bhféadfaí é a chinneadh ar an mbonn *gan moill mhíchuí*. Tá an-tábhacht le lipéadú soiléir.

Leasú 2

Baineann an leasú seo le moltaí 1.6 agus 1.7.

Airteagal 2 den togra COM(2025) 531, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1223/2009

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CESE
(2) Leasaítear Airteagal 15 mar a leanas:	(2) Leasaítear Airteagal 15 mar a leanas:
(a) leasaítear mír 2 mar a leanas:	(a) leasaítear mír 2 mar a leanas:
(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:	(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:
'2. Mar sin féin, féadfar substaintí den sórt sin a úsáid i dtáirgí cosmaideacha má chuirtear iarraidh ar mhaolú faoi bhráid an Choimisiúin 3 mhí ar a dhéanaí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na leasuithe ar Chuid 3 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 lena n-aicmítear an tsubstaint mar shubstaint CMR i gcatagóir 1A nó 1B. Deonóidh an Coimisiún an maolú i gcás ina gcomhlíontar gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:	'2. Mar sin féin, féadfar substaintí den sórt sin a úsáid i dtáirgí cosmaideacha má chuirtear iarraidh ar mhaolú faoi bhráid an Choimisiúin 3 mhí ar a dhéanaí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na leasuithe ar Chuid 3 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 lena n-aicmítear an tsubstaint mar shubstaint CMR i gcatagóir 1A nó 1B. Deonóidh an Coimisiún an maolú i gcás ina gcomhlíontar gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:
(a) níl aon substaint mhalartach oiriúnach ar fáil mar a doiciméadaíodh ***inanailís*** a rinneadh ar na substaintí malartacha;	(a) níl aon substaint mhalartach oiriúnach ar fáil mar a doiciméadaíodh ***in anailís*** a rinneadh ar na substaintí malartacha;
(b) rinne CEST meastóireacht ar na substaintí agus measann CEST go bhfuil siad sábháilte maidir le húsáid ar leith i gcatagóir an táirge chosmaidigh, agus breithniú á dhéanamh ar nochtadh do na táirgí sin, ar nochtadh foriomlán ó fhoinsí seachas cosmaidí agus ar ghrúpaí leochaileacha den daonra.'.	(b) rinne CEST meastóireacht ar na substaintí agus measann CEST go bhfuil siad sábháilte maidir le húsáid ar leith i gcatagóir an táirge chosmaidigh, agus breithniú á dhéanamh ar nochtadh do na táirgí sin, ar nochtadh foriomlán ó fhoinsí seachas cosmaidí agus ar ghrúpaí leochaileacha den daonra***;***
	(c) d'ainneoin phointe (b) thuas, is go handrogallach ba cheart do CEST maolú a dheonú i leith substaint CMR i dtáirgí cosmaideacha i gcásanna ina bhfuil an nochtadh béil nó ionanálaithe in úsáid mar thoisc. Baineann an méid sin go háirithe le grúpaí leochaileacha. I gcás ina dtabharfaí le fios trí throime na dóchúlachta go bhfuil baol ar leith ann do ghrúpaí leochaileacha mar gheall ar riosca méadaithe nochta béil nó ionanálaithe, níor cheart an maolú a dheonú ach i gcúinsí eisceachtúla;
	(d) cuirfidh an Coimisiún Eorpach de chúram ar CEST measúnú a dhéanamh gan mhoill ar shuaiteoirí inchríneacha, go háirithe i gcás ina bhfuil feidhm acu maidir le leanaí.'.

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú CESE
(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú fomhír;	(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú fomhír;
'Chun críoch an dara fomhír, pointe (a), measfar gur rogha mhalartach oiriúnach í substaint má chomhlíonann sí gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:	'Chun críoch an dara fomhír, pointe (a), measfar gur rogha mhalartach oiriúnach í substaint má chomhlíonann sí gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:
(c) go bhfuil sé indéanta go teicniúil ***agus inmharthana go heacnamaíoch***;	(c) go bhfuil sé indéanta go teicniúil ***agus comhréireach go heacnamaíoch agus nach bhfágfaidh sé costas iomarcach ar an tomhaltóir***;

Cúis

Is baol ar leith do ghrúpaí leochaileacha, leanaí go háirithe, é an nochtadh béil nó ionanálaithe do shubstaintí CMR. Níor cheart maoluithe a dheonú má tá baol ar leith ann do ghrúpaí leochaileacha mar gheall ar nochtadh béil nó ionanálaithe do na substaintí sin i dtáirgí cosmaideacha nó cúraim phearsanta.

An Bhruiséil, an 23 Deireadh Fómhair 2025.

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Séamus BOLAND